



Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2023

Centre Number

--	--	--	--	--

Candidate Number

--	--	--	--	--

Irish

Assessment Unit A2 2
(Section B)
assessing Reading



[AIR22]

AIR22

MONDAY 12 JUNE, MORNING

TIME

2 hours.

INSTRUCTIONS TO CANDIDATES

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.

You must answer the questions in the spaces provided.

Do not write outside the boxed area on each page or on blank pages.

Complete in black ink only. **Do not write with a gel pen.**

Answer **all** questions.

INFORMATION FOR CANDIDATES

The total mark for this paper is 75.

Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.

You are provided with an Insert for use with Question 2 in this paper.

The use of a dictionary is **not** permitted.

Quality of Written Communication is assessed in Question 3.

Additional Materials Required:

None

13775



12AIR2201

1 Léigh an sliocht seo a leanas agus líon isteach na bearnaí. Tá na focail ar fáil sa bhosca thíos faoi.

Nuair a bhí cúrsaí ag dul in olcas ar shráideanna Bhéal Feirste agus Dhoire sa bhliain 1969 ag fíorthús na “dTrioblóidí”, bhí síolta eile á gcur ar shráideanna Nua-Eabhrac, síolta atá faoi **(a)** _____ ar fud an domhain mhóir go fóill. *Bród Aerach* an ghluaiseacht atá i gceist. Aimsíonn *Bród* a fhréamhacha sna **(b)** _____ a tharla i Sráidbhaile Greenwich an samhradh sin.

Teach tábhairne a bhí in *The Stonewall Inn* a raibh tóir air i measc an phobail LADT+. Bhí nós ag na péas ruathar a thabhairt ar an áit sin agus ar **(c)** _____ eile cosúil léi go rialta, ach rabhadh a thabhairt do na húinéirí roimh ré. Cibé rud a thit amach sna huaireanta beaga ar an 28 Meitheamh, níor tugadh rabhadh agus, den chéad uair, **(d)** _____ an pobal aerach an fód nuair a rinneadh iarracht iad a ghabháil.

Thar na hoícheanta a tháinig i ndiaidh an dáta sin bhí léirsithe agus círéibeacha go leor ann. **(e)** _____ bileoga a d'iarr ar an phobal aerach teacht le chéile lena stíl mhaireachtála agus a gcearta daonna a chosaint. Tharraing na himeachtaí na meáin **(f)** _____ go dtí an ceantar agus, leoga, bhí an lasóg sa bharrach.



Bliain díreach i ndiaidh an ruathair ar *The Stonewall Inn* bhí mórshiúl ann i Nua-Eabhrac ag ceiliúradh na troda a (g) _____ as. Úsáideadh an focal *Bród* le cur síos ar an ghluaiseacht ar fad le cur in iúl nach raibh rud ar bith ag baint le saol na ndaoine seo ar chóir (h) _____ a spreagadh iontu.

Ghlac sé tamall de bhlianta sular tháinig muintir LADT+ le chéile in Éirinn lena mbród a chur in iúl ar bhonn (i) _____. Dúnmharaíodh fear aerach darb ainm Declan Flynn go brúidiúil i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1982 ach níor gearradh téarma príosúnachta ar an chúigear a fuarthas (j) _____ sa dúnmharú. Is ansin a tháinig daoine aeracha amach ar na sráideanna go feargach lena míshástacht a léiriú. D'fhéadfá a rá gurb í an eachtra bhrónach seo *Stonewall* na hÉireann.

Source: Examiner

sheas	choitianta	chumarsáide
bhrú	d'eascair	tharraing
rialta	himeachtaí	scaipeadh
agóidí	fearg	náire
ghnólachtaí	bhláth	ciontach

Marks for AO2 [10]



2 Léigh an t-alt “Croí Gaelach” agus freagair, as *Gaeilge*, na ceisteanna a leanas. (See Insert.)

(a) De réir an ailt, cad chuige a ndeachaigh Margaret Keane ar imirce go Sasana?

[2]

(b) Cén áit a raibh cónaí uirthi i Sasana?

[2]

(c) Cad é an aois a bhí Margaret nuair a fuair sí bás?

[1]

(d) Cad é an t-eolas a luaitear san alt a léiríonn go raibh suim ag Margaret sa chultúr Ghaelach? Luaigh **dhá** rud.

[4]



(e) Cad é an eagla a bhí ar an Chúirt Eaglasta i dtaca leis an mhana Gaeilge?

[2]

(f) Cén áit go díreach ar ardaigh Conor McGinn ceisteanna faoin chás?

[2]

(g) Dar leis na breithiúna achomhairc, cad é an feall a rinneadh ar mhuintir Margaret Keane?

[2]

Marks for AO2 [15]

[Turn over



- 3 Read the passage below and write a summary, *in English*, of approximately 100 words.

Tithe Cois Farraige

Tháinig an-ardú ar na mallaibh ar luach na dtithe cois farraige thart ar chósta na hÉireann. I nDún Fionnachaidh i gContae Dhún na nGall, áit a bhfuil cuid mhór tithe saoire ann, mar shampla, tháinig ardú tríocha faoin chéad ar phraghas na dtithe i gcaitheamh na bliana 2021 amháin.

Deir gníomhairí eastáit go bhfuil an-tóir ar na tithe tuaithe agus cois farraige le cúpla bliain anuas mar gheall ar chead a bheith ag daoine a bheith ag obair ar líne ón bhaile. Roimh an bhliain 2020, ní raibh an chianobair coitianta, ach le tamall anuas tá cead ag a lán daoine fanacht sa bhaile agus an lá oibre a chur isteach ina dteach féin.

Fágann sé sin nach mbíonn ar dhaoine a bheith ina gcónaí gar don oifig. Tá an oifig sa bhaile acu! Ní bhíonn costais mhóra taistil le díol níos mó, rud atá le leas na timpeallachta fosta. Ní bhíonn ar dhaoine óga bogadh chuig na cathracha níos mó, agus tá na ceantair cois farraige beo beathaíoch dá bharr sin.

Chomh maith le méadú ar luach na dtithe, tá míbhuntáiste eile atá ina chonstaic acu sin ar mhaith leo go mbeadh ceol na dtonn le cluinstitín acu agus iad i mbun oibre: seirbhís lochtach leathanbhanda nach dtig a bheith ag brath uirthi i gcónaí. Tá an tseirbhís le deisiú agus le feabhsú go fóill in go leor áiteanna.

Mura mbeadh ann ach fadhbanna leathanbhanda, áfach, ní bheadh an scéal ró-olc! Tá contúirt eile ann do gach aon teach in aice na farraige, a deir na saineolaithe, is é sin, an t-athrú aeráide. Má leanann an cine daonna ar aghaidh mar atá déanta againn go dtí seo, tiocfaidh ardú idir leathmhéadar agus dhá mhéadar ar leibhéal na farraige idir seo agus an bhliain 2100!

Source: Examiner





Blank writing area with horizontal lines.

13775

[Turn over



12AIR2207

THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER

DO NOT WRITE ON THIS PAGE

For Examiner's use only	
Question Number	Marks
1	
2	
3	
4	

Total Marks	
--------------------	--

Examiner Number

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA
will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

13775/6



12AIR2212

Insert for use with Question 2 of Section B.

Croí Gaelach

Is i mBaile Átha Buí, Contae na Mí, a tógadh Margaret Keane, ach as Contae Mhaigh Eo ó dhúchas a muintir. Dála cuid mhór daoine óga eile, chuaigh sí ar imirce go Sasana ar lorg oibre nuair nach raibh mórán fostaíochta ar fáil ar chor ar bith in Éirinn. Ní raibh a fhios aici an tráth úd go gcaithfeadh sí bunús a saoil thall i Sasana.

Chuir sí fúithi taobh le Coventry. Fuair sí post agus phós sí Bernie, inimirceach Éireannach eile. Rugadh clann don lánúin agus chaith siad blianta fada le chéile go dtí go bhfuair Margaret bás go tobann sa bhliain 2018 agus seachtó a trí bliain slánaithe aici. Ar ndóigh, bhí Bernie agus na páistí – seisear acu ar fad – croíbhriste.

De thairbhe go raibh Margaret an-ghníomhach i gCumann Lúthchleas Gael Coventry, agus de bharr an ghrá a bhí aici don Ghaeilge i rith a saoil, rinne an teaghlach amach gur mhaith leo cros Cheilteach agus mana i nGaeilge a ghreanadh ar a leac chuimhneacháin. Shocraigh siad ar “Inár gcroí go deo” a scríobh i nGaeilge, agus gach focal eile a bheith scríofa i mBéarla.

B'éigean don teaghlach cead a iarraidh ar an pharóiste áitiúil an mana i nGaeilge a chur ar leac uaighe a máthar. Ní raibh siad buartha nach mbeadh cead acu, mar bhí uaigheanna sa reilig a raibh focail i mBreatnais agus i Laidin orthu. Baineadh siar astu go hiomlán nuair a dhiúltaigh an Chúirt Eaglasta a n-achainí, agus í den bharúil go raibh “baol ann go sílfeadh daoine gur ráiteas polaitiúil a bhí ann”.

D'fhostaigh Conradh na Gaeilge abhcóid agus cuireadh tús le hachomharc sa Chúirt Eaglasta. Phléigh Conor McGinn, feisire parlaiminte de bhunadh na hÉireann, an cás i bParlaimint Westminster. Sa deireadh thiar, tugadh cead don teaghlach “Inár gcroí go deo” a ghreanadh ar an leac, agus ghabh na breithiúna achomhairc a leithscéal leis an teaghlach as an “leatrom chiníoch” a rinneadh orthu agus ar a máthair dhílis Ghaelach.

Source: Examiner